Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

**Samhain 2020**

**Imeachtaí léargais iniúchta - Fógra príobháideachais**

Tá eolas san fhógra príobháideachais seo maidir le conas a phróiseálann aonad léargais iniúchta Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ('an Oifig')sonraí a bhailítear fútsa nuair a chláraíonn tú le haghaidh agus/nó nuair a fhéachann tú ar imeacht faisnéise léargais iniúchta ar líne mar thoscaire, éascaitheoir nó cainteoir agus/nó nuair a dhéanann tú cumarsáid trí ríomhphost maidir le nithe a bhaineann le léargais iniúchta. Cuirtear imeachtaí fisiciúla nó ar líne san áireamh.

## 1 Maidir Linne agus an Obair a Dhéanaimid

Is é Uachtarán na hÉireann, trí ainmniúchán ó Dháil Éireann, a cheapann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (AC&C). Tá AC&C i seilbh oifige faoi Airteagal 33 den Bhunreacht. Tá sé freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar chuntais phoiblí, scrúduithe a dhéanamh ar bhainistiú agus ar úsáid acmhainní poiblí agus torthaí na hoibre a thuairisciú do Dháil Éireann.

Ceanglaítear an méid seo a leanas de réir dlí ar AC&C

- tuairimí a eisiúint maidir le cuntais ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí atá á n-iniúchadh aige
- tuarascálacha a fhoilsiú maidir le nithe tábhachtacha roghnaithe dá lánrogha féin a bhaineann le luach ar airgead agus riaradh cistí poiblí
- cistí Státchiste a chur ar fáil chun críocha sonraithe de réir dlí a údarú, faoi fheidhm an Reachtaire

Tá na príomhfhorálacha reachtacha a bhfuil cumhachtaí agus dualgais AC&C á rialú acu sonraithe in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1923, agus Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Cabhraíonn an Oifig leis an AC&C lena fheidhmeanna reachtúla agus tá státseirbhísigh ag obair san Oifig.

Is é misean an AC&C dearbhú neamhspleách a sholáthar go bhfuil cistí agus acmhainní poiblí in úsáid de réir an dlí, á mbainistiú go héifeachtach agus á gcuntas go cuí agus ag cur le feabhas sa riarachán poiblí. Eagraíonn an Oifig imeachtaí faisnéise ócáideacha dá cliaint agus tá leathanach léargais iniúchta á óstáil aici ar a suíomh gréasáin – https://www.audit.gov.ie/auditinsights mar chuid dá clár léargais iniúchta. Baineann an fógra príobháideachais seo leis an gclár.

## 2 Próiseáil Sonraí Pearsanta - Na Dlíthe Iomchuí

Próiseálaimid do shonraí pearsanta de réir Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (DPA) agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2018 (RGCS). Soláthraíonn siad seo an ceart dlíthiúil chun príobháideachais do dhaoine i ndáil lena sonraí pearsanta, sonraí a bhaineann le cé hé duine, nó cé a d'fhéadfadh a bheith i nduine, sainaitheanta ó na sonraí féin, nó i dteannta le sonraí eile atá, nó is dócha a bheidh

i seilbh na hOifige. Clúdaítear aon sonraí a bhaineann le duine beo is féidir a chéannú. Féadfaidh an Oifig na sonraí seo a choimeád i bhfoirm leictreonach nó i gcomhaid chrua.

Faoin dlí cosanta sonraí, tá cearta agat cóip den fhaisnéis phearsanta fút atá á coimeád faoi láthair a iarraidh agus cur i gcoinne próiseáil sonraí is cúis le damáiste agus anacair gan údar agus shubstaintiúil.

Chun cóip den fhaisnéis phearsanta fút atá inár seilbh nó chun aon agóidí nó ábhair imní a phlé, seol nóta i scríbhinn chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath **1 D01 PF72** <Teil:01-8638600 nó ríomhphost dpo@audit.gov.ie

## 3 Do Chuid Sonraí

**Cén Sonraí a Bhailímid Fút?**

D'fhéadfaimis na sonraí seo a leanas a bhailiú:

- seoladh/seoltaí ríomhphoist gnó (b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach seoladh/seoltaí ríomhphoist príobháideach(a) a úsáid chun clárú d'imeacht ar líne nó i ndáil le himeacht ar líne)
- uimhir/uimhreacha teileafóin gnó
- seoladh/seoltaí gnó
- riachtanais chothaithe (más cuí)
- riachtanais rochtana/saoráide (más cuí)
- ó am go ham d'fhéadfaimis imeachtaí a tharchur beo le haghaidh spriocphobal ar líne agus d'fhéadfaimis a leithéid sin d'imeachtaí a thaifeadadh nó a réamhthaifeadadh agus na taifeadtaí a chur ar fáil ina dhiaidh sin trí shuíomh gréasáin Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste - https://www.audit.gov.ie., agus d'fhéadfadh cainteoirí imeachtaí ar líne an físeán a roinnt lena n-eagraíochtaí agus lena dteagmhálaithe freisin
- ó am go ham d'fhéadfaimis ardáin tríú páirtí a úsáid chun eagrú imeachtaí ar líne a éascú; i gcásanna den sórt seo, ciallaíonn an gníomh nascadh le himeacht ar líne go nglacann tú le polasaithe príobháideachais an ardáin ábhartha
- i rith imeachtaí léargais iniúchta d'fhéadfaimis grianghraif a ghlacadh agus gearrthóga físe maidir le gach cainteoir a fhorbairt ar lá an imeachta, lena n-áirítear tagairt a dhéanamh do phríomhphointí na láithreoireachta; d'fhéadfaí grianghraif agus físeáin a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin má fhaightear cead uait

**Má tá tú ag freastal ar, ag éascú, ag caint ag nó i mbun láithreoireachta ag imeacht agus mura mian leat go mbeidh tú á thaifeadadh ní mór duit nóta i scríbhinn a sheoladh chugainn roimh an t-imeacht.**

| Conas a Bhailímid do chuid Sonraí? |
|---|
| Bailímid agus próiseálaimid sonraí go díreach uait sna cásanna seo a leanas:<br>• nuair a chláraíonn tú ar líne chun freastal ar imeacht léargais iniúchta nó nuair a fhéachann tú ar imeachtaí léargais iniúchta ar líne<br>• nuair a chomhlánaíonn agus nuair a sheolann tú suirbhé aiseolais léargais iniúchta ar líne go deonach<br>• nuair a úsáideann nó nuair a fhéachann tú ar leathanaigh shuíomh gréasáin léargais iniúchta na hOifige trí fhianáin do bhrabhsálaí<br>• nuair a sheolann tú fiosrúchán nó tuairim maidir lenár ngníomhaíochtaí léargais iniúchta trí ríomhphost<br>• nuair a chomhaontaíonn tú cathaoirleacht a dhéanamh ar imeacht fisiciúil nó ar líne léargais iniúchta nó a leithéid d'imeacht a éascú<br>• nuair a chomhaontaíonn tú labhairt ag nó láithreoireacht a dhéanamh ag imeacht fisiciúil nó ar líne léargais iniúchta |

| Cén Fáth ar Gá Dúinn do chuid Sonraí a Úsáid? |
|---|
| Bailímid sonraí uait ionas gur féidir linn an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>• ár n-imeachtaí léargais iniúchta a phleanáil agus a bhainistiú, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an lucht freastail a roinnt le héascaitheoirí agus cainteoirí roimh imeacht fisiciúil nó ar líne chun cabhrú leis an imeacht a phleanáil agus an t-ábhar a éascú (a mhéid is féidir le réasún agus más cuí) agus freastal ar aon riachtanais chothaithe nó rochtana a shainaithníonn tú<br>•<br>• ag brath ar pholasaithe ionad an imeachta maidir le rochtain agus sláinte agus sábháilteacht, d'fhéadfaí go gceanglófaí orainn cuid de do shonraí pearsanta a roinnt leis an ionad i gceist; treorófar don ionad aon sonraí dá leithéid a scriosadh óna chórais nuair a bheidh an t-imeacht críochnaithe<br>• aiseolas faoinár n-imeachtaí fisiciúla nó ar líne agus leathanaigh shuíomh gréasáin léargais iniúchta a bhailiú<br>• freagairt d'iarratas/d'fhiosrúchán maidir le léargais iniúchta nó ar bhealach éigin eile ábhar an ríomhphoist a réiteach.<br>• le cead uait, sonraí a sheoladh chugat trí ríomhphost maidir le himeachtaí fisiciúla nó ar líne léargais iniúchta atá le reáchtáil amach anseo nó nuachtlitreacha ócáideacha maidir le léargais iniúchta<br>• aiseolas a roinnt leat maidir le léargas iniúchta, imeacht fisiciúil/ar líne má éascaíonn tú nó má labhraíonn tú ag imeacht fisiciúil/ar líne<br>• tá an ceart agat toiliú a aistarraingt am ar bith agus roimh thoiliú a thabhairt |

| Do Chuid Sonraí a Chosaint |
|---|
| Tá dualgas orainn, faoi raon leathan forálacha reachtacha agus riaracháin, rúndacht sonraí oifigiúla a chosaint. Áirítear anseo taifid a chosaint in aghaidh rochtain neamhúdaraithe, úsáid, athrú, scriosadh nó nochtadh neamhriachtanach. Beidh rochtain ag aonad léargais iniúchta na hOifige ar na sonraí a sholáthraíonn tú. Déanfaimid an méid seo a leanas:<br>• coimeádfaimid liosta den lucht freastail (lena n-áirítear ainm agus seoladh ríomhphoist) le haghaidh tréimhse uasta trí seachtaine i ndiaidh an imeachta chun malartú faisnéise a éascú. **Mura mian leat a bheith ainmnithe ar an liosta seo, ní mór duit scéala a chur chugainn roimh dheireadh an imeachta.**<br>• coimeádfaimid do shonraí pearsanta le haghaidh na dtréimhsí atá sonraithe inár bpolasaí coimeádta agus diúscartha taifead agus coimeádfaimid do chuid sonraí go slán<br>• glacaimid go dáiríre lenár n-oibleagáidí agus déanaimid iarracht a chinntiú go mbeidh príobháideachas sonraí pearsanta á chothabháil<br>• bainfimid úsáid as ardchaighdeáin slándála fisiciúla agus teicniúla chun rúndacht do shonraí pearsanta a chosaint; tá baill foirne airdeallach ar an gcaighdeán slándála sonraí a bhfuilimid ag súil leis<br>• cuirfimid srian ar rochtain ar shonraí a bheith ag baill foirne údaraithe. Ní bhaineann cearta rochtana foirne ach leis na sonraí atá riachtanach chun a gcuid dualgas ceaptha a chomhlíonadh<br>• beidh aon fhostaí atá freagrach as na rialacha cosanta sonraí a shárú cuntasach |

### 4 An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoi do cheart faoin dlí cosanta sonraí nó más mian leat gearán a dhéanamh faoin mbealach a bhfuil do shonraí pearsanta á láimhseáil againn, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam Theas, Baile Átha Cliath 2, D02 RD28, Éire (Teil: +353 578 684800/+353 761 104 800; Suíomh gréasáin - https://forms.dataprotection.ie/contact.